# Léitheoireacht Faoi Threoir

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

- Rannpháirtíocht
- Inspreagadh agus rogha
- Gnásanna cló
- Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach
- Fónaic agus aithint focal
- Foclóir léitheoireachta
- Cuspóir, seánra agus guth
- Tuiscint
- Líofacht agus féincheartú

## Mar Straitéis Léitheoireachta

Is straitéis í an léitheoireacht faoi threoir le cuidiú le daltaí bheith ina léitheoirí maithe. Is cur chuige teagascach é seo ina riartar ar ábaltachtaí éagsúla sa léitheoireacht i ngrúpaí beaga. Bíonn páistí réidh don léitheoireacht faoi threoir agus scileanna luathlitearthachta go maith acu. Ag tosnú ar an léitheoireacht faoi threoir ba chóir go n-aithneodh páistí gurb í an tuiscint sprioc na léitheoireachta. Ba chóir go mbeadh roinnt focal radhairc ar eolas acu chomh maith le gaol a aithint idir litreacha agus fuaimeanna. Bíonn difreálú sa teagasc sa léitheoireacht faoi threoir le tacú le daltaí atá ag forbairt ag luasanna éagsúla maidir leis na scileanna léitheoireachta. Cuirtear foghlaimeoirí le chéile de réir a n-ábaltachtaí nó de réir a gcuid riachtanas sa léitheoireacht. Is féidir daltaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar shuimeanna nó ar thaithí atá i gcoitinne acu chomh maith. Bíonn ar an múinteoir creat structúrtha a úsáid le cineálacha cur chuige léitheoireachta atá



taighdebhunaithe a chur i bhfeidhm sna ceachtanna seo. Is féidir leis an múinteoir scileanna áirithe léitheoireachta atá taighdebhunaithe a chur i bhfeidhm sna ceachtanna seo. Is féidir leis an múinteoir scileanna áirithe léitheoireachta a theagasc go follasach ar an dóigh seo. Bíonn ar an múinteoir páistí a eagrú sna grúpaí seo, téacsanna cuí a roghnú agus straitéisí léitheoireachta a chur i bhfeidhm i gceachtanna dírithe ar spriocanna cuí. Bíonn an dalta ag léamh, ag plé agus in amanna ag scríobh.

## Grúpaí Léitheoireachta

Déantar measúnú ar dhaltaí le láidreachtaí agus laigí a shainaithint. Úsáidtear uirlisí éagsúla

# Léitheoireacht Faoi Threoir



measúnaithe leis an rang a eagrú i ngrúpa, m.sh. taifead reatha, breathnú agus plé le páistí. Is féidir ansin na páistí a chur i ngrúpaí de réir a gcuid riachtanas. Cé nach ionann gach foghlaimeoir ar gach dóigh bíonn go leor i gcoitinne i ngrúpa mar seo le gur féidir iad a theagasc go héifeachtach mar ghrúpa. Roghnaíonn an múinteoir téacs cuí don ngrúpa a bheidh na páistí ábalta a léamh faoi stiúir. Beidh na páistí ag foghlaim ar luasanna éagsúla, mar sin, tá gá le measúnú leanúnach agus le taifead reatha. Ba chóir na páistí a mheas ar bhonn rialta agus ba chóir go mbeadh na grúpaí seo sealadach.

## Téacsanna agus Straitéisí

Nuair a roghnaítear na leabhair chuí ba chóir go mbeadh na daltaí ag léamh le cruinneas thart ar 90%. Ag an leibhéal seo is féidir leis an léitheoir sult a bhaint as an téacs gan an oiread sin cur isteach, ach spás ann go fóill don fhoghlaim. Tarlaíonn an fhoghlaim seo faoi stiúir an mhúinteora agus an léitheoireacht neamhspleách mar sprioc. Moltar téacs a roghnú ina bhfuil sprioc áirithe foghlama agus go mbeadh na léitheoirí sa ghrúpa ábalta an téacs seo a léamh le tacaíocht. B'fhearr go mbeadh cóip den téacs ag gach ball den ghrúpa. Bíonn téacsanna le leibhéil éagsúla in úsáid le léitheoirí a thabhairt feadh an chontanaim ag forbairt agus ag daingniú scileanna de réir a chéile. De réir mar a fhorbraíonn scileanna na léitheoirí cuirtear téacsanna ar fáil ag leibhéil níos airde le freastal ar a gcuid riachtanas. Moltar seánraí éagsúla bheith ar fáil, go príomha ficsean/neamhfhicsean.

### RÉIMSE TÉACSANNA

**Moltar téacsanna ina bhfuil**

- focail ardmhinicíochta ar bhonn rialta
- fuaimeanna áirithe na Gaeilge a thacaíonn le sprioc díchódaithe
- réimse leathan poncaíochta
- comhréir aitheanta a chuideoidh le tuar
- pictiúir shoiléire a thacaíonn leis an téacs, a spreagann plé agus forbairt teanga

# Léitheoireacht Faoi Threoir



## Plé Roimh Léamh

Bíonn an múinteoir ag obair le grúpa amháin. Iarr ar na páistí sa ghrúpa breathnú ar an leabhar.

- Pléigh an teideal agus lig dóibh ábhar an leabhair a thuar.
- Pléigh seánra an leabhair agus an cineál leabhair atá ann.
- Pléigh na structúir agus na gnásanna éagsúla a bhíonn ag seánraí éagsúla.
- Pléigh an t-ábhar agus eolas atá ag na páistí air.
- Sainaithin foclóir nua nó gnéithe sa téacs a bheidh dúshlánach don léitheoir roimh léamh. Is féidir breathnú ar phictiúir an leabhair roimh léamh le foclóir nua a mhíniú nó le téarmaíocht Ghaeilge a chinntiú.
- Léirigh roinnt straitéisí léitheoireachta mar eiseamláir do na páistí.
- Cuir ceisteanna ar na páistí.

### CEISTEANNA SAMPLACHA

Cén fáth a bhfuil an teideal sin ar an leabhar?
Cén cineál leabhair é seo? Ficsean/neamhfhicsean/dráma/treoirleabhar?
Cén dóigh a n-aimsíonn tú eolas i leabhar den chineál seo?
Cad atá ag tarlú sa phictiúr seo?
Cad é an focal Gaeilge atá air seo? (ag díriú ar phictiúr)
An bhfeiceann tú an focal … sa leabhar seo? Cá bhfuil sé? Breathnaígí ar an bhfocal 'isteach' ar leathanach 2. An bhfeiceann sibh focail bheaga ann: is/teach/ach?

## Ag Léamh

Lig do na páistí an leabhar a léamh go ciúin leo féin. Is féidir bogadh ó pháiste go páiste ag an bpointe seo ag coimhéad ar na páistí agus ag cuidiú nuair is gá. Is féidir leid a thabhairt, ceist a chur a chuideoidh le páiste nó tacaíocht a thabhairt le foclóir. Cuidigh leis na páistí straitéisí cuí a úsáid, m.sh. pictiúrleid, fuaimeanna i bhfocail, patrún sna litreacha, focail bheaga i bhfocail, ciall na bhfocal.

# Léitheoireacht Faoi Threoir



Moltar téacsanna a athléamh le líofacht a dhaingniú. Iarr ar thuismitheoirí, ar pháistí níos sine, srl. léamh le páistí leis an gcleachtadh léitheoireachta a neartú agus a dhaingniú.

## Tar Éis Léamh

Agus an leabhar léite ag na páistí is féidir díriú ar ghnéithe áirithe den leabhar. Is féidir ceisteanna a chur ar na páistí leis an tuiscint a chinntiú agus an léitheoireacht atá déanta acu a mholadh. Is féidir píosaí téacs a athléamh mar chuid den phlé sin le fianaise a léiriú nó le teanga ar leith a léiriú. Cuir ceisteanna tatálacha chomh maith leis an tuiscint a leathnú. Dírigh aird na bpáistí ar ghnéithe áirithe le straitéisí ar leith a eiseamláiriú agus leis na scileanna atá acu féin a dhaingniú. Úsáid ceisteanna oscailte le plé a spreagadh.

### CEISTEANNA SAMPLACHA

Cad a tharlaíonn sa leabhar?

An sin an rud a shíl tú a bhí ag dul a tharlú ag an tús?

Cad a shíl tú de na pictiúir/grianghraif sa leabhar?

Cad a shíl tú de thús/dheireadh an leabhair?

Ar oibrigh sin go maith?

An bhfuil an leabhar seo cosúil le leabhar eile atá léite agat?

Abair go raibh an Mac Tíre (carachtar eile) ag insint an scéil seo, an mbeadh an scéal difriúil? Cén dóigh?

Cá bhfuil an focal … sa leabhar?

Cad atá suimiúil faoin bhfocal seo?

Cá bhfuil an frása ‘Cé leis é seo?’ sa leabhar?

Cad é an freagra ar an gceist seo?

Cá bhfuil an freagra sin sa leabhar?